

AN FHUISEÓG

Tighthe soluis
Ar an talamh
An smólach mór agus
An deargán sneachta
An creabhar coach
Geabhróga ag imitheacht
Agus gealbháin ag teacht.

Chualas an fhuisseóg ag ceol sa spéir ar an 5adh lá den mhí Dheireadh an Fhóghmhair bliain. Bhí na fainleóga imtighthe uainn, deich lá roimhe sin agus tar éis a imtheacht siúd, is beag éan a bhíos ag ceol, ach bhí an lá go breágh agus an uair go cineálta sa bhFóghmhar sin. An lá céadna bhí na beacha go cruadhógach ar an eidhean agus na futhaigh agus bhí an oiread cuileog tagta amach faoi'n ngréin, is a chothóchadh fainleóga an pharáiste, seal fada dá mbéidís i láthair, ach bhíodar imithigte agus is le bheith ciallmhar dóibh, a thugadar aghaidh ó dheas. Ní féidir a bheith muinghineach as lá fóghmhair. Tagann gach athrú aimisre go tobann sa bhFóghmhair. Éaluigheann solas lae go tobann. Is ionann lá fóghmhair agus cloch i bpoll móna – imthigheann sé go mear sa dorchadas agus sé a fhearacht sin, ag an aimsire é.

Tigh an ghaoth aduaidh agus an clagarnach báistigh, gan fógra, agus cuireann said na cuileoga agus na míoltóga. Is beatha do mhórán éan faoin bhfascadh, mar a bhfanaidh said go marbhuighe an geimhreadh iad, nó go ndúisighe an t-earrach aríst an chuid aca nach n-éagann. Na h-éin a maireann ar chuileóga agus míoltóga, said is tuisge a imthigheas ó dheas. Tá said imthigte cheana fhéin, fainleoga, gabhlán, ceolairí. Airightear na fainleoga ar iarraidh, ag an uile dhuine, mar is éanacha feicéalta iad, ina sealta agus is comhartha cinnte na sealta go bhfuil trách na himarce ar fágháil. Na héin a imthigheas uainn i n-éinfheacht leo, ní tugtar faoi deara ag imitheacht iad, ach ag an té a bhíos ag faire ar imeall na tíre, ar na hoileáin agus ag na tithe soluis.

Gach cinéal eile de na héanacha imirce, béidh siad ag imtheacht do réir a chéile, as seo go lár na Samhna. Ní fheiceamuid iad ag imteacht mara mbíonn muid ar imeall na tíre, ach aireamuid ar iarraidh iad. Éaluigheann siad uainn. Tá dhá theach soluis againn san iarthar, a dtrialann na héin imirce thartha, ina miltibh, teach solus ar an Oileán Iarthach i nÁrainn agus teach soluis Cheann Léime ar an Oilean an Imill. Ná héin a bhíos ar eilteoig san oidhche, meallann an solus iad agus dírigheann said air. Buaileann a lán aca an ghloine nó balla nó na raillí iarainn agus loitear iad. Deir faraire as ceann soluis Cheann Léime liom gurb iad na seabhaic a bhailigheann chuig an tigh soluis, a chéad chomhartha ar an imirce a gheibh na farairí.

Ní ar imirce a bhíos na seabhaic féin, ach tigh siad le breith ar na héanacha a loitear, ag an teach soluis. Loitear agus marbhuightear ina gcéadta iad. Thuit míle go leith lon agus smól ag teach soluis Carraig an Tuscair i n-aon trathnóna amháin. Is mór an t-ár a ghníos na tighthe soluis ar an sluaigh éan, ach is beag le rádh a marbhuightear i gcomórtas leis an iomlan. Tá na héin chomh hiomadamhail sin nach bhfuil aon tuairim cruinn againn ar a líon. Na dreoilíní féin, shílfeá nach mbeadh an oiread aca i nÉireann ar fad is a ísligheas díobh ag Ceann Léime agus tighthe soluis eile i n-aimsir imirce. Is féidir leis an bhfear tuaithe féin, má bhíonn súil i n-áirde aige, teacht agus imteacht na n-éan a thabhairt faoi deara.

Ní túisge na héin samhraidh ag bogadh chun bealaigh ná na héin gheimhreadh ag teacht thar sáile ar a mbealach chugainn. Is éanacha móra láidre na héanacha thig go hÉirinn, nó an chuid is mó aca, agus is feicéalach iad mar éanacha agus cuid acu atá coimthigheach agus a dtaithnigheann an t-uaigneas leo. An creabhar caoch agus an fheadóg ghlas. Tóruigheann an foghléara iad agus tugann sé abhaile iad. Bíonn an deargán sneachta agus an siocán sneachta le feicéal againn roimh dheireadh na míosa agus iad ocrach, lag, thar éis a n-aistir. An 24 lá den mhí thugas faoi deara deargán sneacha ar an gcrann iubhair i n-aice an doruis, ag iarraidh na gcaor, agus smólach mór dá ruaigeadh. Tháinig sé trí huaire i ndiaidh a chéile agus ní dhéanfadh an smólach mór roinnt leis. Is iondamhail do na geabhróga a bheith imithighe, sul má tig na geabhaí feadhaine agus sé an chaoi chéadna aca é san earrach. Ní tig na geabhróga go mbíonn na geabhaí ar a mbealach ó thuaidh.

Sé an creabhar caoch an cuartuidhe geimhridh is mó le rádh ag na foghlearaí. Tig na mílte aca chugainn adtuaidh ó na réagúiní fuara. Tig siad thar cóstaí Alban, agus feictear iad ar alltracha an iarthair, iad san ndroch aimsir. Is minic a marbhuigheadh iad leis an mbata. Is rí-mhaith leis a' bhfóghléara iad, ach is beag a gníthear le fosgadh a thabhairt dóibh. Chludóchadh an aiteann féin, nó an ros-choill ar na cnuic iad, agus níl crann-chuir, dhá laghadh dá déanamh i gConamara.

Tá creabhar chaocha ann, a ghníos gor annseo san iarthar, ar oileán a bhfuil cosaint aca agus fasnadh. Níl gleánn sléibhe i gConamara nach ndéanfaidís gor, dá mbeadh an fasnadh le fagháil. Na creabhair a thógtar i nÉirinn, is cosmháil go n-imhthigheann siad uainn, ó dheas sa ngeimhreadh. Éan a thógadh ar oileán i Loch Coirib a raibh fáinne comharta ar, marbhuigheadh sa Spáinn é.

De na héanacha beaga a thig chugainn sa ngeimhreadh, tig cuid aca go Conamara, an gealbhán sneachta agus an píobaire. Tig na gealbháin sneachta ar an talamh garbh inaice le baile mór na Gaillimhe, agus chonnaic mé an píobaire i mBaile na Léime.

Méaduighthear go mór, leis na healtaibh éan a fhanas againn an bhliain ar fad. Ruaigean an sioc anoir, as an móir-thír agus as Sasana, druideacha, luin, smólacha agus pilibíní, agus meallann buige na h-aimsire na slóighthe éan go hiarthar na h-Éireann, san áit a gcoinnigheann an ghaoth aniar andeas an cruatán ar gcúl. Is iongantach é tréine na n-éan gheimhridh ar eilteoigh díobh agus is iongantach é a iomadamhlacht annseo san iarthar. Chaithfeá uair a chluig b'fhéidir, i lár an locha, gan éan a fheicéal agus ar bhuille boise bheadh na céadta le feiceáil. Bíonn said ag fáilt ar an gcladach. Sgannruigheann duine nó beithideach iad agus éirigheann said i n-éinfheacht, crotacha, lachain, pilibíní, feadóga

buidhe agus labairí beaga ón bhfairrge. Sgarann gach cinéal ón ealta mór san spéir, agus is féidir nós eilteoige gach aon cinéal aca a thabhairt faoi deara. Is aoibhinn ar fad eilteog na bhfeadóg mbuidhe. Éirigheann siad go tobann agus gabhann siad i n-áirde do réir a chéile, gan staonadh agus an eilteóg ag dul i dtréise aca, do réir mar tá said ag éirighe. Ní bhíonn seachmall ná sgannruidh ortha ach iad lán de mhuinghin, as na sgiatháin mheara atá aca.